C/2024/3345

3.6.2024

Caingean arna tabhairt an 8 Aibreán 2024 – Comptoir Sel Solaire v an Coimisiún

(Cás T-190/24)

(C/2024/3345)

Teanga an cháis: an Fhraincis

Páirtithe

Iarratasóir: Comptoir Sel Solaire (Boffa, an Ghuine) (ionadaithe: T. Lacacinski agus F. Fajgenbaum, Dlíodóirí)

Cosantóir: An Coimisiún Eorpach

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a dhearbhú go bhfuil dlínse aici;

— iarratas an iarratasóra ar neamhniú Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/423 ([1]) ón gCoimisiún an 31 Eanáir 2024 lena gcláraítear ainm sa chlár um ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint (*Sel de Camargue / Fleur de sel de Camargue* (TGFC)) a ghlacadh;

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/423 ón gCoimisiún an 31 Eanáir 2024 lena gcláraítear ainm sa chlár um ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint *(Sel de Camargue / Fleur de sel de Camargue* (TGFC)) a chur ar neamhní;

— a ordú don Choimisiún na costais a íoc.

Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir ceithre shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar Airteagal 5(2) de Rialachán 1151/2012 ([2]), mar gheall ar chineál neamhbhailí agus aindleathach an ainm 'Fleur de sel de Camargue'. Maíonn an t-iarratasóir, ar an gcéad dul síos, nach gcomhlíonann an t-ainm seo an sainmhíniú ar 'Fleur de sel' arna thabhairt i reachtaíocht na Portaingéile, na Spáinne, na Cróite agus na Slóivéine agus, ar an dara dul síos, go mbaintear éifeacht agus ábharthacht ó thásc geografach faoi chosaint ('TGFC') nach féidir a úsáid ar bhonn tráchtála toisc go bhfuil sé neamhthráchtála.

2. An dara saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar Airteagal 1(b) de Rialachán 1151/2012, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 2 den Chomhaontú maidir le Gnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla a bhaineann le Trádáil ('Comhaontú TRIPanna') agus Airteagal 10a de Choinbhinsiún Pháras, ar an bhforas go gcruthaíonn clárú PGI *'Sel de Camargue / Fleur de sel de Camargue'* staid iomaíochta éagórach idir oibreoirí agus go háirithe iad siúd atá faoi réir rialachán náisiúnta a choinníonn sainmhíniú ceangailteach ar an gcoincheap 'Fleur de sel'.

3. An tríú saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar Airteagal 5(2) de Rialachán 1151/2012, léitear i gcomhar le hAirteagail 1(1)(a) agus 4(c) den Rialachán céanna, ar an bhforas go bhfuil an t-ainm 'Fleur de sel de Camargue' míthreorach don tomhaltóir. Measann an t-iarratasóir nach gcomhfhreagraíonn na táirgí atá ainmnithe faoi TGFC *'Sel de Camargue / Fleur de sel de Camargue'* don táirge ar a dtugtar 'Fleur de sel' de ghnáth a bhfuil meas ag gach STFC-TGFC 'Fleur de sel' eile air.

([1]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/423 ón gCoimisiún an 31 Eanáir 2024 lena gcláraítear ainm sa chlár um ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint (*Sel de Camargue / Fleur de sel de Camargue* (TGFC) (IO L, 2024/423).

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO 2012 L 343, lch. 1).

4. An ceathrú saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar Airteagal 41(1) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a mhéid gur cheart don Choimisiún Eorpach bac a chur ar a chinneadh maidir le clárú TGFC '*Sel de Camargue / Fleur de sel de Camargue*' agus é ag fanacht le cinneadh ar an iarratas roimhe seo ar aitheantas do shainearra traidisiúnta faoi ráthaíocht 'Fleur de sel' a chomhdaigh an *Comptoir Sel Solaire* i mí Bealtaine 2020 agus atá fós faoi imscrúdú, i gcomhréir leis an gceart chun dea-riaracháin.